

8 Feabhra 2025

Treoirlínte

TREOIRLÍNTE

maidir le coincheap na héagsúlachta chun
comhaltaí den chomhlacht riaracháin,
bainistíochta nó maoirseachta a roghnú

ÚEÁPC-BoS-25/392

Arna ghlacadh an 29 Meán Fómhair 2025



eiopa

European Insurance and
Occupational Pensions Authority

TREOIRLÍNTE MAIDIR LE COINCHEAP NA HÉAGSÚLACHTA CHUN COMHALTAÍ DEN CHOMHLACHT RIARACHÁIN, BAINISTÍOCHTA NÓ MAOIRSEACHTA A ROGHNÚ

RÉAMHRÁ

1. I gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 (Rialachán ÚEÁPC)¹ agus le hAirteagal 41(1) de Threoir 2009/138/CE (Treoir Sócmhainneacht II), eisíonn² ÚEÁPC na treoirlínte seo maidir le coincheap na héagsúlachta atá le cur san áireamh chun comhaltaí de chomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta (AMSB) gnóthas árachais agus athárachais (ar a dtugtar ‘gnóthais’ le chéile) a roghnú.
2. Is é an toradh a bhíonn ar an éagsúlacht raon níos leithne taithí, eolais, scileanna agus luachanna in AMSB, agus tá sí ar cheann de na tosca a chuireann lena fheidhmiú agus a thugann aghaidh ar fheiniméan an mhachnaimh grúpa. Is féidir le AMSB níos éagsúla tuairimí neamhspleácha agus dúshlán chuiditheacha a éascú sa phróiseas cinnteoireachta. Cuideoidh éagsúlacht, mar aon le breithniú leordhóthanach ar chuimsiú, lena áirithiú go gcuirfear dearcthaí agus tuairimí éagsúla na gcomhaltaí san áireamh laistigh de AMSB.
3. D’fhéadfaí comhdhéanamh éagsúil laistigh de AMSB a bhaint amach trí ghnéithe amhail cúlra oideachais agus gairmiúil, aois, inscne agus bunáitíocht gheografach a chur san áireamh. I ndáil leis sin, tá tábhacht ar leith ag baint le comhdhéanamh AMSB atá cothrom ó thaobh inscne de. Aithnítear é sin i dTreoir Shócmhainneacht II agus cuirtear in iúl é freisin i dtionscnaimh eile ar leibhéal an Aontais arb é is aidhm dóibh an éagsúlacht inscne a fheabhsú.³
4. Dírítear na Treoirlínte seo chuig na húdaráis inniúla, mar a shainmhínítear in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010.
5. Chun críoch na dTreoirlínte seo, forbraíodh na sainmhínithe seo a leanas:
 - Ciallaíonn éagsúlacht an cás ina bhfuil saintréithe chomhaltaí AMSB, lena n-áirítear a gcúlra oideachais agus gairmiúil, a n-inscne, a n-aois agus a mbunáitíocht gheografach, difriúil a mhéid a cheadaíonn tuairimí éagsúla laistigh de AMSB.
6. Mura sainmhínítear iad sna Treoirlínte seo, tá an bhrí a shainmhínítear sna gníomhartha dlí dá dtagraítear sa réamhrá ag na téarmaí.
7. Tá feidhm ag na Treoirlínte maidir le gach gnóthas, gan beann ar a struchtúir rialachais (bord aonadach, débhort nó struchtúir eile), gan aon struchtúr sonrach a mholadh ná tosaíocht a thabhairt dó.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, Ich. 48).

² Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le gabháil le gnó an Árachais agus an Athárachais agus an gnó sin a shaothrú (Sócmhainneacht II), (IO L 335, 17.12.2009, Ich. 1).

³ [Comhionannas inscne - An Coimisiún Eorpach \(europa.eu\)](http://comhionannas.inscne-an-coimisiun-eorpach.europa.eu)

8. Tá feidhm ag na Treoirlínte maidir le gnóthais aonair agus *mutatis mutandis* maidir le grúpaí⁴ araon .
9. Is é is aidhm do na Treoirlínte comhsheasmhacht trasearnála a áirithiú le creat éagsúlachta earnálacha airgeadais eile. Dá bhrí sin, tá na Treoirlínte seo ailínithe a mhéid is féidir le Teideal V ('Éagsúlacht laistigh den chomhlacht bainistíochta') de Threoirlínte comhpháirteacha ESMA agus ÚBE maidir leis an measúnú ar oiriúnacht chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus sealbhóirí príomhfheidhme faoi Threoir 2013/36/AE agus Treoir 2014/65/AE.⁵
10. Beidh feidhm ag na Treoirlínte ón 30 Eanáir 2027.

TREOIRLÍNE 1 – COMHRÉIREACHT

11. Ba cheart do ghnóthais cineál, scála agus castacht a n-oibríochtaí a chur san áireamh agus beartas á fhorbairt agus á chur chun feidhme acu lena gcuirtear éagsúlacht chun cinn in AMSB agus sna próisis dá dtagraítear sna Treoirlínte seo. Níor cheart go mbeadh mar thoradh air sin díolúine ón gceanglas beartas a chur i bhfeidhm lena gcuirtear éagsúlacht chun cinn in AMSB agus chun cuspóirí cainníochtúla a leagan síos mar a cheanglaítear le hAirteagal 41(1) de Threoir Shócmhainneacht II.

TREOIRLÍNE 2 – BEARTAS ÉAGSÚLACHTA

12. I gcomhréir le hAirteagal 41(1) den Treoir maidir le Sócmhainneacht II, ba cheart do ghnóthais beartas a fhorbairt agus a chur chun feidhme lena gcuirtear éagsúlacht chun cinn, lena n-áirítear cothromaíocht inscne, in AMSB chun comhdhéanamh éagsúil comhaltaí a chur chun cinn. Ba cheart é a bheith d'aidhm aige tacar leathan cáilíochtaí agus inniúlachtaí a chur ar fáil agus comhaltaí AMSB á n-earcú agus ar bhonn leanúnach chun tuairimí agus taithí éagsúla a bhaint amach agus chun tuairimí neamhspleácha agus cinnteoireacht fhóna a éascú laistigh de AMSB.

TREOIRLÍNE 3 – GNÉITHE ÉAGSÚLACHTA

13. Ba cheart tagairt a dhéanamh sa bheartas éagsúlachta do na gnéithe éagsúlachta seo a leanas ar a laghad: cúlra oideachais agus gairmiúil, inscne, aois agus, go háirithe do ghnóthais atá gníomhach go hidirnáisiúnta, bunáitíocht gheografach, mura rud é go bhfuil cuimsiú bunáitíochta geografaí neamhdhleathach faoin dlí náisiúnta.

TREOIRLÍNE 4 – CUSPÓIRÍ CAINNÍOCHTÚLA A BHAINNEANN LE COTHROMAÍOCHT INSCNE

14. Ba cheart do ghnóthais díriú ar chothromaíocht inscne iomchuí laistigh de AMSB agus a áirithiú go n-urramófar prionsabal an chomhionannais deiseanna agus a chomhaltaí á roghnú acu.
15. Ba cheart do ghnóthais tráthchlár iomchuí a shonrú inar cheart na cuspóirí cainníochtúla aonair a bhaineann le cothromaíocht inscne in AMSB a chomhlíonadh agus conas a bhainfear amach iad. I

⁴ Airteagal 212(1) de Threoir 2009/138/CE.

⁵ ESMA35-36-2319 agus ÚBE/GL/2021/06.

gcás inarb ábhartha, ba cheart a áirithiú leis an mbeartas éagsúlachta go mbeidh cothromaíocht inscne iomchuí ag AMSB ina fheidhm bhainistíochta agus ina fheidhm mhaoirseachta araon. Gan dochar do rialacha infheidhme an dlí náisiúnta, féadfar na cuspóirí cainníochtúla a shainiú do AMSB ina iomláine.

16. Agus cuspóirí cainníochtúla maidir le cothromaíocht inscne á leagan síos, ba cheart do ghnóthais breithniú a dhéanamh ar thorthaí tagarmharcála éagsúlachta arna bhfoilsiú ag údaráis mhaoirseachta nó ag comhlachtaí nó eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha eile.

TREOIRLÍNE 5 – IONADAÍOCHT FOSTAITHE

17. Leis an mbeartas éagsúlachta, féadfar ionadaíocht fostaithe laistigh de AMSB a bheartú chun eolas praiticiúil agus taithí phraiticiúil laethúil ar oibriú inmheánach an ghnóthais a chur leis agus chun a áirithiú go gcuirfear leasanna na foirne san áireamh.
18. Ní leor ionadaithe fostaithe a bheith ann, i gcás ina gceanglaítear sin faoin dlí náisiúnta, d'inscne faoi ghannionadaíocht amháin chun a áirithiú go mbeidh cothromaíocht inscne iomchuí ag AMSB.

TREOIRLÍNE 6 – MINICÍOCHT AN ATHBHREITHNITHE AGUS NA DOICIMÉADACHTA

19. Ba cheart do ghnóthais doiciméadú bliantúil a dhéanamh ar a mhéid a chomhlíonann siad na cuspóirí a leagtar amach ina mbeartas éagsúlachta. I gcás nár comhlíonadh aon chuspóirí éagsúlachta, lena n-áirítear na cuspóirí cainníochtúla a bhaineann le cothromaíocht inscne, ba cheart do ghnóthais na cúiseanna, na bearta atá le déanamh agus an tráthchlár faoi seach a dhoiciméadú, chun a áirithiú go mbainfear amach na cuspóirí éagsúlachta.

TREOIRLÍNE 7 – BEARTAS ÉAGSÚLACHTA DON FHOIREANN

20. Ba cheart do ghnóthais beartas éagsúlachta don fhoireann a chur chun feidhme, lena n-áirítear gnéithe pleanála gairme agus bearta chun cóir chomhionann agus deiseanna comhionanna a áirithiú don fhoireann d'inscne éagsúil. Ba cheart a áireamh ar na bearta sin go gcuirfear gné na cothromaíochta inscne iomchuí san áireamh freisin agus baill foirne á roghnú le haghaidh poist bhainistíochta nó le linn oiliúint bhainistíochta a sholáthar. I gcás ina mbunaíonn an gnóthas coiste ainmniúcháin, ba cheart a chomhdhéanamh a bheith cothrom ó thaobh inscne de, i gcás inar féidir.

TREOIRLÍNE 8 – FRITH-IDIRDHEALÚ

21. Chun tacú le comhdhéanamh éagsúil AMSB, ba cheart beartais a bheith ag gnóthais lena n-áiríteofar nach mbeidh aon idirdhealú bunaithe ar inscne, cine, dath, bunadh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, reiligiún nó creideamh, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois, nó gnéaschlaonadh.

RIALACHA MAIDIR LE COMHLÍONADH AGUS TUAIRISCIÚ

22. Tá Treoirlínte a eisíodh faoi Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 sa doiciméad seo. I gcomhréir le hAirteagal 16(3) den Rialachán sin, ceanglaítear ar údaráis inniúla agus ar institiúidí airgeadais gach iarracht a dhéanamh treoirlínte agus moltaí a chomhlíonadh.
23. Ba cheart d'údaráis inniúla a chomhlíonann na Treoirlínte seo nó a bhfuil sé beartaithe acu iad a chomhlíonadh iad a ionchorprú ina gcreat rialála nó maoirseachta ar bhealach iomchuí.
24. Ní mór d'údaráis inniúla a dheimhniú do ÚEÁPC an gcomhlíonann siad na Treoirlínte seo nó an bhfuil sé ar intinn acu iad a chomhlíonadh, le cúiseanna le neamhchomhlíonadh, laistigh de 2 mhí tar éis eisiúint na leaganacha aistrithe.
25. In éagmais freagra faoin sprioc-am sin, measfar go bhfuil na húdaráis inniúla neamhchomhlíontach leis an tuairisciú agus déanfar iad a thuairisciú amhlaidh.

FORÁIL CHRÍOCHNAITHEACH MAIDIR LE HATHBHREITHNITHE

26. Beidh na Treoirlínte seo faoi réir athbhreithniú ag ÚEÁPC.